



Tuarascáil Bhliantúil 2004

ag obair le chéile i gcomhair seirbhís sláinte níos fearr

RÁITEAS MISIN

“Forálann ag Obair le Chéile i gComhair Seirbhís Sláinte Níos Fearr do chaidreamh gníomhach nua i mbainistiú a dhéanamh ar an athrú arb é a thréithe ná rannpháirtíocht na bhfostaithe agus comhchomhairle leo, forbairt ar chomhchuspóirí, comhoibriú agus muintín agus Seirbhísí Sláinte ar ardchaighdeán a bheith saindirithe ar na hothair a sheachadadh.”

RÁITEAS FÍSE

“Cabhróidh Fóram Comhpháirtíochta Náisiúnta na Seirbhísí Sláinte le gníomhaireachtaí sláinte chun comhpháirtíocht an láthair oibre a fheabhsú chun seirbhís, cúram agus socruithe oibre den cháilíocht is airde a fháil, trí fheabhas leanúnach trí chomhoibriú idir bhainistíocht, fhoireann agus cheardchumainn.”

CLÁR

Réamhrá na gComhchathaoirleach	4
Tuascáil an Stiúrtóra	6
Ballraíocht agus Foireann	8
Baill de Fhóram Comhpháirtíochta Náisiúnta na Seirbhísí Sláinte	9
Foireann Fhóram Comhpháirtíochta Náisiúnta na Seirbhísí Sláinte	10
Gníomhaíochtaí agus Éachtaí Comhpháirtíochta ag Leibhéal Náisiúnta	11
Comhpháirtíocht sna Seirbhísí Sláinte – an Comhthéacs Náisiúnta	11
Clár Leasaithe na Seirbhíse Sláinte	11
An Straitéis agus an Plean Gníomhaíochta 2002-2005 a chur i bhFeidhm	11
Gníomhaíochtaí an Phlean Gníomhaíochta um Dhaoine a Bhainistiú (PGDB)	11
Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn – Fíorú Feidhmíochta	12
An Próiseas Comhpháirtíochta a Thomhas agus a Mheas	13
Comhpháirtíocht Thuaidh/Theas	13
Eachtraí Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Thuaidh/Theas	14
Eachtraí Móra i 2004	15
Comhpháirtíocht an Láthair Oibre – Comhdháil Chuardaigh don Todhchaí	15
Ardchaighdeán Trí Chomhpháirtíocht sa Láthair Oibre	16
Coistí Comhpháirtíochta 2004	17
Gníomhaíocht Chomhpháirtíochta an Láthair Oibre i 2004	18
Coistí Comhpháirtíochta agus Grúpaí Oibre Áitiúla	18
Tionscadail agus Próisis Chomhpháirtíochta an Láthair Oibre	18
Patrúin de Ghníomhaíocht Chomhpháirtíochta Áitiúil	20
Ráitis Airgeadais 2004	24
Aguisín 1 – Liosta de Choistí Comhpháirtíocht agus Baill 2004	26
Aguisín 2 – Achoimre de na Príomhthionscadail trasna na nGníomhaireachtaí agus na Suíomh ar fad	45
Aguisín 3 – Coiste Stiúrtha na Comhpháirtíochta Thuaidh/Theas	49
Aguisín 4 – Foilseacháin an FNCSS i 2004	50
Aguisín 5 – Suímh ghréasáin úsáideacha	51

I 2004, AG OBAIR LE CHÉILE I GCOMHPHÁIRTÍOCHT:

Riaramar:	Táirgeadh Thuarascáil Fhíoraithe Feidhmíochta na hEarnála Sláinte agus comhordú thuarascálacha gníomhaireachtaí áitiúla
Choimisiúnamar:	Taighde agus cás-staidéir ar thaití chomhpháirtíochta agus dea-chleachtas
D'fhorbraíomar:	Pleananna Seirbhíse Comhpháirtíochta le tríocha gníomhaireachtaí sláinte
D'éascaíomar:	<ul style="list-style-type: none"> Gníomhaíocht chomhpháirtíochta an láthair oibre i dtríocha Gníomhaireachtaí Seirbhíse Sláinte le naoi míle ball foirne ag glacadh páirt go díreach i seacht gcéad agus a nócha dó tionscadail Deich gcomhdhála agus eachtraí náisiúnta agus tras-teorainn
Chuireamar tús le:	Eachtraí Traenála agus Athrú Forbartha Eagraíochta
D'infheistíomar:	€3.9 milliún i ngníomhaíocht chomhpháirtíochta
Tharraingíomar isteach:	Ocht míle seacht gcéad agus seachtó trí ball foirne trasna gach disciplín ag leibhéal an láthair oibre i bhfoirne ildisciplíneacha ar seacht gcéad agus nócha dó tionscadail chomhpháirtíochta
D'eagraíomar:	<p>Comhdháil agus Taispeántas Náisiúnta “Ardchaighdeán Trí Chomhpháirtíocht sa Láthair Oibre”</p> <p>Comhdháil Chuardaigh don Todhchaí “Comhpháirtíocht an Láthair Oibre 2014” ar thodhchaí phróiseas agus struchtúir comhpháirtíochta láthair oibre na Seirbhíse Sláinte</p>
D'fhoilsíomar:	<p>Tuarascáil Bhliantúil 2003 an FNCSS</p> <p>Tools for Change through Partnership</p> <p>Future Search Conference – Workplace Partnership</p> <p>Learning in Partnership – A Review of Health Services Partnership</p> <p>Promoting Innovation and High Performance (leis An tIonad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta)</p> <p>Tuarascálacha agus altanna</p>

RÉAMHRÁ NA gCOMHCHATHAOIRLEACH



Pat Harvey, *Comhchathaoirleach an FNCSS agus POF Bhord Sláinte an Iarthuaiscirt*

I 2004, thaispeáin an FNCSS a bhreisluach don tseirbhís sláinte sa tslí a bhí ar intinn nuair a bunaíodh é cúig bliana ó shin. Tá samhail chomhpháirtíochta a chur i láthair don bhainistíocht ar athrú san earnáil sláinte bunaithe ar an bhfianaise idirnáisiúnta go bhfuil comhpháirtíocht ina samhail ghnó ard-éifeachtacht. Go deimhin, is eiseamlar de dhea-chleachtas í an tsamhail chomhpháirtíochta shóisialta in Éirinn, as a tháinig bunú an FNCSS, ina bhfuil suim mhór ag eacnamaíochtaí eile san Eoraip agus níos faide.

Léiríonn an fhianaise gur féidir le córais feabhsú ó bhonnlíne faoi fiche faoin gcéad má tá comhpháirtíocht ann agus d'éagmais comhpháirtíocht is féidir titim siar fiche cúig faoin gcéad. Ní amháin go gcuireann comhpháirtíocht feabhas ar tháirgiúlacht agus luach ar airgead, áfach, tagann feabhas ar cháilíocht, mhuinín agus chaidrimh chomh maith.

Thug an bhliain faoi athbhreithniú ceann de na dúshláin is mó do na seirbhísí sláinte, is é sin ná tosú ar an athrú ó sheanstruchtúir na mbord sláinte go dtí na struchtúir leasaithe agus an córas aontaithe faoi Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Ag léibhéal comhpháirtíochta, bhí ról dearfach againn, trí na próisis athraithe agus comhairlithe a thacú agus a éascú i mbearta cuí.

Bhí tionscnaimh mhóra againn chun riachtanais ár gcóras cliant a chomhlíonadh trí thaighde chórasach agus chomhairliú lenár bpríomh gheallshealbhóirí, ag teacht chun buaice le comhdháil Chuardaigh don Todhchaí i nDeireadh Fómhair agus lenár bpríomhthaispeántas agus comhdháil “Excellence through Workplace Partnership” i Nollaig 2004.

I 2004, mhéadaíomar leibhéal, cáilíocht agus castacht na dtionscadal comhpháirtíochta agus na bpróiseas atá mar chroílár ár ngníomhaíochta. Tá gníomhaíocht chomhpháirtíochta chomhtháite go dlúth anois le pleananna gníomhaireachtaí seirbhíse. Tá caidreamh tionsclaíochta ag léibhéal na hearnála sláinte fós casta agus dushlánach, ach níor cailleadh aon lá trí dhíospóidí tionsclaíochta i 2004. Bhí páirt dhearfach ag an bpróiseas comhpháirtíochta ag leanúint ar aghaidh leis an gclár oibre san earnáil sláinte, ag teacht le sprid agus luachanna Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn agus Fíorú Feidhmíochta.

Mar a éirim as mo ról mar Chomhchathaoirleach ar FNCSS, ba mhaith liom an deis seo a thógáil chun mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhchathaoirleach agus mo bhainistíocht agus mo chomhghleacaithe ceardchumainn ar an bhFóram as ucht a dtiomantas d’obair an Fhórait ó bunaíodh é i 1999. Ba mhaith liom obair dhian Stiúrthóir agus fhoireann an FNCSS a aithint chomh maith.

Guím gach tairbhe ar an FNCSS don todhchaí agus tá muinín agam go leanfaidh sé ar aghaidh lena dhea-obair ag treorú agus ag tacú le comhpháirtíocht a thógáil agus a fheabhsú sa láthair oibre sna seirbhísí sláinte sna blianta atá romhainn.

Pat Harvey
Comhchathaoirleach



Matt Merrigan, *Comhchathaoirleach an FNCSS agus Rúnaí Tionsclaíochta Náisiúnta, SIPTU*

Táimid tar éis leanúint ar aghaidh i 2004 leis an dul chun cinn ollmhór a dhéanamh sa tslí ina bhfuil comhpháirtíocht á fhorbairt againn ina ról de thacú le seachadadh na seirbhíse sláinte a fheabhsú d'othair agus cliaint, agus le saol oibre níos fearr don fhoireann.

I rith na bliana chuir na ceardchumainn in iúl dúinn go mbeidh ról dearfach á ghlacadh acu i bhforbairt agus i bhfeabhsú ár gcuid seirbhísí sláinte. Go deimhin taispeánann an fhianaise idirnáisiúnta agus Éireannach go soiléir leasa na comhpháirtíochta san earnáil seo. Tá an FNCSS cheana féin i mbun éifeachtacht agus torthaí na hoibre comhpháirtíochta a mheas, agus i 2004 chuireamar tús le tionscadail nua chun a thuilleadh forbartha a dhéanamh ar an ngné seo dár gcuid oibre.

Tá sé tábhachtach, i gcomhthéacs na n-athruithe atá ag tarlú sa tseirbhís sláinte, go dtabharfaí aitheantas do rannócaíocht na ngrúpaí foirne go léir agus do thiomantas dlúsúil, comhsheasmhach na foirne chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar. Chabhraigh an chomhpháirtíocht go mór le seo a bhaint amach.

De réir mar a bhogaimid ar aghaidh tá se tábhachtach go ndíreoidis ar an gcreatlach ghinearálta chomhaontuithe a chuir ar ár gcumas oibriú le chéile i gcomhpháirtíocht san earnáil sláinte. Tá sé chomhthábhachtach go dtógfaimis prótacail agus socruithe nua chun dul i ngleic ar athrú le chéile i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nua.

Bhí buntáistí praiticiúla na comhpháirtíochta le feiceáil go soiléir nuair a chuireamar an córas ar fad le chéile i gcomhpháirtíocht ag deireadh 2004 chun dea-chleachtas in athrú a bhainistiú agus i gcomhpháirtíocht a léiriú agus chun torthaí ár gcuid taighde a fhoilsiú. Is é an tuar dóchais is mó atá againn chun leasú agus feabhsú fíor a bhaint amach inár seirbhísí sláinte ná obair le chéile chun ár spriocanna comónta a bhaint amach. Táimid go léir ullamh chun aghaidh a thabhairt ar athrú, ach caithfear aird a thabhairt ar thuairimí gach duine againn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an deis seo a thógáil chun Pat Harvey a mholadh as ucht an cheannaireacht den scoth atá léirithe aige mar POF ar Bhord Sláinte an Iarthuaiscirt agus mar Chomhchathaoirleach ar an FNCSS. Guímid gach rath air sa todhchaí.

Matt Merrigan
Comhchathaoirleach

TUARASCÁIL AN STIÚRTHÓRA



Larry Walsh
Stiúrthóir, FNCSS

Tháinig athruithe móra ar na seirbhísí sláinte agus an FNCSS i rith na bliana 2004. Chuir Clár Leasaithe na Seirbhísí Sláinte deireadh leis na boird sláinte agus comhtháthaíodh a lán gníomhaireachtaí sláinte ag deireadh na bliana 2004. Bhí ról gníomhach ag FNCSS, faoi cheannaireacht na gcomhpháirtithe sóisialta, i gcomhairliú a éascú le baill foirne agus leis an bpobal.

I dtéarmaí ár bpríomh ghníomhaíochta ar chomhpháirtíocht sa láthair oibre a fhorbairt, rinneadh dul chun chinn suntasach i leith cáilíochta agus méid na hoibre tugtha faoi agus críochnaithe. Chuireamar le méid na hoibre agus le líon na gcliant, go dtí go raibh seacht gcéad nócha dó tionscadal sa tsúil againn agus ocht míle seacht gcéad seachtó trí bainisteoir mar aon le hionadaithe ó na ceardchumainn agus baill foirne as tríocha gníomhaireacht sláinte gafo go díreach leo. I dtéarmaí castachta, ghluaiseamar ar aghaidh go suntasach ó chomhpháirtíocht chéad ghlúine “rud a dhéanaimid” go comhpháirtíocht dara glúine, “an chaoi a ndéanaimid rudaí”.

Rinneamar dul chun cinn mór i leith ár spriocanna a bhaint amach faoin bPlean Gníomhaíochta um Dhaoine a Bhainistiú, áit a raibh an FNCSS ina cheannródaí ar fiche gníomhaíocht lárnach.

Rinneamar taighde a choimisiúnú agus a fhoilsiú ar éifeachtacht na gníomhaíochta comhpháirtíochta sna seirbhísí sláinte le cúig bliana anuas.

D’fhoilsíomar taighde agus cás-staidéir. D’fhoilsíomar agus chraolamar freisin ár gcuid treoirlínte ar Tools for Change Through Partnership.

Thosaíomar ar ár gcuid struchtúir agus seirbhísí comhpháirtíochta a athchumadh chun iad a chur in oiriúint don tseirbhís sláinte a bhí á leasú. Rinneamar é seo trí dul i mbun cumarsáide lenár ngrúpaí geallshealbhóirí ar fad in eachtra Future Search agus trí chainteanna agus chomhairliú lenár ngrúpaí cliaint agus le foireann an FNCSS.

Ag teacht le rialachas dea-chleachtais, i Nollaig 2004 cheap Fóram Comhpháirtíochta Náisiúnta na Seirbhísí Sláinte iniúchóir inmheánach go foirmiúil a dhéanfaidh athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha agus ar rioscaí neamh-airgeadais.

Rinneamar táirgeadh thuarascálacha ghníomhaireachtaí agus thuarascáil earnálach na Seirbhísí Sláinte a chomhordú faoi chóras Fíoraithe Feidhmíochta *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn*.

Ag druidim le deireadh na bliana d'eagraíomar comhdháil mór agus taispeántas d'obair chomhpháirtíochta thar an tréimhse cúig bliana ó bunaíodh an FNCSS. D'oscail An Tánaiste an ócáid agus bhí thart ar trí chéad caoga rannpháirtí ó chaoga dó gníomhaireacht sláinte i láthair. Glactar le fiúntas na hoibre comhpháirtíochta trasna an chórais ar fad. Tá na comhpháirtithe sóisialta tar éis athdhearbhú a dhéanamh ar ról lárnach na comhpháirtíochta agus ar thodhchaí an FNCSS mar eagraíocht.

Tá obair chomhpháirtíochta anois nasctha go daingean le croílár na gníomhaíochta pleanála seirbhíse ag leibhéal gníomhaireachta agus náisiúnta.

Ó thaobh caidreamh tionsclaíoch de, déileáladh leis na saincheisteanna cuí trí ghnáthaimh aontaithe agus níor tharla aon aighneas tionsclaíoch san earnáil sláinte i 2004.

Sa bhliain 2004, d'oibrigh suas le naoi míle bainisteoir, ball foirne agus ionadaí ceardchumainn de chuid na seirbhísí sláinte le chéile ar ghníomhaíochtaí comhpháirtíochta, go minic fiú le lucht úsáidte na seirbhíse chun soláthar seirbhíse d'othair agus chliaint a fheabhsú agus chun feabhas a chur chomh maith ar cháilíocht saol-oibre na foirne.

Ba mhaith liom an deis seo a thógáil chun mo bhuíochas a ghabháil leis na Comhchathaoirligh agus le baill an Fhórais as ucht a bpáirt i mbliain rathúil eile. Chomh maith céanna ba mhaith liom buíochas na heagraíochta a ghabháil leis na comhchathaoirligh, le baill na gcóistí comhpháirtíochta uile agus le foireann an HNSPF, a d'éirigh leo seirbhís chomhpháirtíochta ar ardchaighdeán a thógáil a bhfuil fiúntas ar leith ag gabhail léi d'othair, do chliaint, do bhainisteoirí, don fhoireann agus do cheardchumainn.

Táimid ag tnúth le bheith ag obair lenár gcomhghleacaithe i measc na bhfostóirí agus na gceardchumainn, leis an bhfoireann agus le lucht úsáidte na seirbhísí siar amach trí na Seirbhísí Sláinte chun seirbhís sláinte de scoth domhanda a thógáil.

Larry Walsh
Stiúrthóir

BALLRAÍOCHT AGUS FOIREANN

Comhghrúpa stiúrtha náisiúnta ón mbainistíocht is ó na ceardchumainn is ea FNCS ag tabhairt teorach do chomhpháirtíocht sa láthair oibre sna seirbhísí sláinte in Éirinn. Tá ceithre bhall is fiche aige, dosae bainisteoir seirbhísí sláinte agus dosae oifigeach sinsearach ó cheardchumainn na seirbhísí sláinte. Bunaíodh é i 1999 faoi théarmaí Partnership 2000, an comhaontú náisiúnta comhpháirtíochta a bhí i bhfeidhm ag an am sin.

Tá bord stiúrtha, mar aon le fiche éascaitheoir comhpháirtíochta atá cáilithe agus taithí na mblianta acu, ag tabhairt tacaíochta ina chuid oibre don FNCS.



Ar Chúl go Deiseal: Des Kavanagh, Ard-Rúnaí, Psychiatric Nurses Association; Brian O'Donnell, Príomh Oifigeach Feidhmiúcháin, Federation of Voluntary Bodies; Terence Casey, Oifigeach Feidhmiúcháin um Chaidreamh Tionsclaíoch, I.M.O; Pat Harvey (Comhchathaoirleach), Príomh Oifigeach Feidhmiúcháin, Bord Sláinte an Iarthuaiscirt; Martin Cowley, Príomh Oifigeach Feidhmiúcháin, Ospidéal an Mater; Larry Walsh, Stiúrthóir, Fóram Comhpháirtíochta Náisiúnta na Seirbhísí Sláinte; Martin McDonald, Leas-Phríomh Oifigeach Feidhmiúcháin, H.S.E.A.; Jack Kelly, Uachtarán, Brainse Bhaile Átha Cliath na Seirbhísí Sláinte S.I.P.T.U.; Gerard Barry, Príomh Oifigeach Feidhmiúcháin, H.S.E.A.; Matt Merrigan, (Comhchathaoirleach), Rúnaí Náisiúnta Tionsclaíoch S.I.P.T.U.

Chun Tosaigh go Deiseal: John Magner, Bainisteoir Réigiúnach, Bord Sláinte an Oirdheiscirt; Eileen Keogh, Leas-Phríomh Oifigeach, An Roinn Sláinte agus Leanaí; Joe Byrne, Oifigeach Ceardchumainn, U.C.A.T.T.; Mary Kelly, Stiúrthóir ar Acmhainní Daonna, Bord Sláinte Limistéir an Tuaiscirt; David Hughes, Ard-Rúnaí Cúnta, Cumann Altraí na hÉireann; Phil Ní Sheaghda, Oifigeach um Chaidreamh Tionsclaíoch, Cumann Altraí na hÉireann.

Ar iarraidh ó bPictiúr: John Bulfin, Leas-Phríomh Oifigeach Feidhmiúcháin, Bord Sláinte na Lár Tíre; Kevin Callinan, Rúnaí Náisiúnta, I.M.P.A.C.T.; Bernard Carey, Stiúrthóir Pearsanta agus Forbartha, An Roinn Sláinte agus Leanaí; Donal Duffy, Ard-Rúnaí Cúnta, I.H.C.A.; Gerry O'Toole, Cathaoirleach, M.L.S.A.; Elva Gannon, Leas-Phríomh Oifigeach Feidhmiúcháin, H.S.E.A.; Nicholas Keogh, Cathaoirleach, An Rannóg Sláinte, I.M.P.A.C.T.; John Lamont, Príomh Oifigeach Feidhmiúcháin, Ospidéal Beaumont; Tom Street, Oifigeach Dúiche, A.T.G.W.U.

BAILL FHÓRAM COMHPHÁIRTÍOCHTA NÁISIÚNTA NA SEIRBHÍSÍ SLÁINTE

Gerard Barry	Príomhfheidhmeannach	HSEA
John Bulfin	Leas-Phríomh Oifigeach Feidhmiúcháin	Bord Sláinte na Lár Tíre
Joe Byrne	Oifigeach Ceardchumainn	UCATT
Kevin Callinan	Rúnaí Náisiúnta	IMPACT
Eileen Keogh	Leas-Phríomh Oifigeach	An Roinn Sláinte agus Leanaí
Bernard Carey	Stiúrthóir Pearsanra agus Forbartha	An Roinn Sláinte agus Leanaí
Martin Cowley	Príomh Oifigeach Feidhmiúcháin	Ospidéal Mater
Donal Duffy	Ard-Rúnaí Cúnta	IHCA
Gerry O'Toole	Ard-Rúnaí	MLSA
Elva Gannon	Leas-Phríomh Oifigeach Feidhmiúcháin	HSEA
Pat Harvey (Comhchathaoirleach)	Príomh Oifigeach Feidhmiúcháin	Bord Sláinte an Iarthuaiscirt
Terry Casey	Oifigeach Feidhmiúcháin um Chaidreamh Tionsclaíoch	Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann
David Hughes	Stiúrthóir um Chaidreamh Tionsclaíoch	Cumann Altraí na hÉireann
Des Kavanagh	Ard-Rúnaí	Psychiatric Nurses Association
Jack Kelly	Uachtarán, Brainse Bhaile Átha Cliath na Seirbhísí Sláinte	SIPTU
Mary Kelly	Stiúrthóir Acmhainní Daonna	Bord Sláinte Limistéar an Tuaiscirt
Nicholas Keogh	Cathaoirleach, An Rannóg Sláinte	IMPACT
John Lamont*	Príomh Oifigeach Feidhmiúcháin	Ospidéal Beaumont
Martin McDonald	Leas-Phríomh Oifigeach Feidhmiúcháin	HSEA
Matt Merrigan (Comhchathaoirleach)	Rúnaí Tionsclaíoch Náisiúnta	SIPTU
Brian O'Donnell	Príomh Oifigeach Feidhmiúcháin	Federation of Voluntary Bodies
Phil O'Shea	Oifigeach um Chaidreamh Tionsclaíoch	Cumann Altraí na hÉireann
Tom Street	Oifigeach Dúiche	ATGWU

* Tháinig Liam Duffy, Príomh Oifigeach Feidhmiúcháin, Ospidéal Beaumont ina áit i rith 2004

FOIREANN FHÓRAM COMHPHÁIRTÍOCHTA NAISIÚNTA NA SEIRBHÍSÍ SLÁINTE

Le haghaidh sonraí teagmhála féach ar ár suíomh gréasáin www.fnccs.ie



Martina Canavan
Bainisteoir Oibríochtaí
Lonnaithe sa Phríomhoifig



Jennifer Carroll
Airgeadas
Lonnaithe sa Phríomhoifig



Esther-Mary D'Arcy
Éascaitheoir
Lonnaithe i mBord
Sláinte an Iarthair



Pat Evans
Éascaitheoir
Lonnaithe i mBord
Sláinte an Deiscirt



Billy Gallagher
Éascaitheoir
Lonnaithe i mBord
Sláinte an Iarthuaiscirt



Hannah Haastrup
Oifigeach Idirchaidrimh
Tionscadail
Lonnaithe sa Phríomhoifig



Teresa Hanley
Lonnaithe in Ospidéal
Adelaide agus na Mí
(Ospidéal Náisiúnta
na Leanaí san áireamh)



Jo Hardwick
Éascaitheoir
Lonnaithe i mBord Sláinte
Limistéar an Tuaiscirt



Lesley Hewson
Éascaitheoir
Lonnaithe in
Ospidéal Beaumont



Mai Kearns McAdam
Éascaitheoir
Lonnaithe i mBord
Sláinte an Oirthuaiscirt



Michael Kelly
Éascaitheoir
Lonnaithe sa Phríomhoifig



Rosaleen Kelly
Éascaitheoir
Lonnaithe in
Ospidéal an Mater



Karen Lodge
Éascaitheoir
Lonnaithe i mBord Sláinte
Limistéar an Iardheiscirt



John McAdam
Bainisteoir Tionscadail/
Éascaitheoir
Lonnaithe sa Phríomhoifig



Eamon Naughton
Éascaitheoir
Lonnaithe sa Nat.
Federation of Vol. Bodies



Anne Nee
Éascaitheoir
Lonnaithe i mBord
Sláinte an Oirdheiscirt



Tess O'Donovan
Éascaitheoir
Lonnaithe in Ospidéal
Ollscoil Chorcaí



Seosamh Ó Maolalaí
Éascaitheoir
Lonnaithe sa Phríomhoifig



Marie O'Haire
Éascaitheoir
Lonnaithe i mBord
Sláinte an Lár-Iarthair



Carol O'Reilly
Éascaitheoir
Lonnaithe sa Phríomhoifig



Oliver Smith
Éascaitheoir
Lonnaithe i mBord
Sláinte na Lár Tíre



Shine Thomas
Riarachán
Lonnaithe sa Phríomhoifig



Mary Tynan
Éascaitheoir
Lonnaithe in Ospidéal
Naomh Shéamais



Larry Walsh
Stiúrthóir
Lonnaithe sa
Phríomhoifig



Liz White
Éascaitheoir
Lonnaithe i mBord Sláinte
Limistéar Chósta an Oirthir

Ar iarraidh ón bPictiúr:
Agata Lipinska Beyer
Riarachán
Lonnaithe sa Phríomhoifig

GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS ÉACHTAÍ COMHPHÁIRTÍOCHTA AR LEIBHÉAL NÁISIÚNTA

COMHPHÁIRTÍOCHT SNA SEIRBHÍSÍ SLÁINTE – AN COMHTHÉACS NÁISIÚNTA

Ag cloí leis na gealltanais a tugadh i leith na comhpháirtíochta i gcúrsaí oibre, mar a leagadh síos sa Straitéis Náisiúnta Sláinte – *Quality and Fairness*, sa Chomhaontas Náisiúnta *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn* agus i gComhaontas Comhpháirtíochta na Seirbhísí Sláinte, *Ag Obair le Chéile i gComhair Seirbhís Sláinte Níos Fearr*, tá an FNCSS ag leanúint ar a shainordú chun caidreamh gníomhach nua a fhorbairt d'fhonn athrú a bhainistiú sa mhéid is go bhfuil na fostaithe rannpháirteach agus go dtéitear i gcomhairle leo, go bhfuil aidhmeanna comónta á fhorbairt, go bhfuil comhoibriú agus muinín anois agus Seirbhísí Sláinte den scoth a sholáthar don othar.

CLÁR LEASAITHE NA SEIRBHÍSE SLÁINTE

I 2004 bhí Clár Leasaithe na Seirbhíse Sláinte go mór chun tosaigh ar an gclár oibre i leith cúrsaí athraithe, leis an gcéad cruinniú de Bhord Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte eatramhach (FSSE) in Eanáir 2004, agus leis an tús a cuireadh go luath sa bhliain le dul i gcomhairle ar bhealach suntasach faoin gClár Leasaithe Sláinte a bhí molta. Nuair a bhí tacaíocht agus éascú á lorg ag an FSSE ag leibhéal na gníomhaireachta agus ag leibhéal náisiúnta bhí an FNCSS ann chun cabhair a thabhairt nuair a bhíodhas ag dul i gcomhairle, agus bhí mórchuid ócáidí i rith na bliana gur oibrigh an dá dhream go rathúil as láimh a chéile. Mar chlabhsúr na hoibre seo thug Kevin Kelly, Cathaoirleach Feidhmiúcháin an FSSE caint ag comhdháil an FNCSS, “Excellence Through Workplace Partnership” i Nollaig 2004.

Bunóidh an tAcht Sláinte 2004 Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte ó 1 Eanáir 2005 ar aghaidh.

AN STRAITÉIS AGUS AN PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA 2002-2005 A CHUR I BHFEIDHM

Is é Plean Gníomhaíochta agus Straitéis an Fhóraithe “*The Way Forward*” 2002-2005 a spreag obair an FNCSS i 2004.

Is í an phríomh aidhm ag an bPlean Gníomhaíochta seo ná an chomhpháirtíocht sa láthair oibre a chur i gcroílár sheachadadh seirbhísí sláinte. Cuireann sé roimhe próiseas na comhpháirtíochta sa láthair oibre a aistriú ó bheith ag gabháil de thionscnaimh ar bhealach scaoilte go dtí an bonn sin ina bheadh áit lárnach ag an gcomhpháirtíocht i seachadadh na seirbhísí – gurbh é a bheadh mar mhana ag an bpairtíocht seo ná “an chaoi a dtéimid i mbun ghnó sa tseirbhís sláinte”.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ó thaobh na straitéise a chur i bhfeidhm agus ó thaobh a cuid spriocanna a bhaint amach, mar a leagadh síos sa tuarascáil seo.

I mbliana, sa chuid dheireanach de fhráma ama na straitéise thosaíomar próiseas na cumarsáide is na pleanála don chéad chéim eile d'fhorbairt straitéiseach an FNCSS. Tá cuid mhaith den réamhobair déanta cheana féin ó thaobh athbhreithniú a lorg i leith obair na gcúig bliana atá imithe tharainn, agus cuardach don todhchaí a dhéanamh tar éis dul i gcomhairle le geallsealbhóirí, chun a fháil amach conas is fearr FNCSS a leasú le riachtanais na gcustaiméirí a shásamh siar amach go dtí 2014. Chomh maith le sin tá cáipéis straitéise ullmhaithe le haghaidh athbhreithnithe ag an bhFóram, ag foireann nua chorparáideach an FSS agus na ceardchumann.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN PHEAN GNÍOMHAÍOCHTA UM DHAOINE A BHAINISTIÚ (PGDB)

Rinne dul chun cinn sa bhfiche réimse ina bhfuil FNCSS mar phríomh ghníomhaireacht nó ina bhfuil sé chun tosaigh ag soláthar gníomhaíochta faoi APPM. Tá na himeachtaí seo ceangailte go dlúth le Straitéis agus Plean Gníomhaíochta an FNCSS, *The Way Forward 2002-2005*.

Is iad seo cuid de na háiteanna ina ndearnadh dul chun cinn suntasach faoi APPM i rith na bliana:

Comhpháirtíocht Lárnach

Tá coistí Stiúrtha Comhpháirtíochta anois ag feidhmiú i tríocha gníomhaireacht sláinte, ina bhfuil úsáid á bhaint as cur chuige na comhpháirtíochta ag uimhir shuntasach bainisteoirí, ionadaithe na foirne is na ceardchumainn siar amach trí na disciplíní ar fad agus ag gach leibhéal chun cúrsaí a athrú.

Páirt níos mó ag an bhfoireann i bpleanáil seirbhíse

Chaith an FNCSS a lán airgid chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt don tionscnamh seo i 2004 – go háirithe le meabhraíocht na foirne a ardú i leith próiseas pleanála na seirbhísí agus le treoir scéimeanna gníomhaíochta a chur sa tsiúl. Cuireadh réimse cláir thraenála pleanála seirbhíse, agus cláir fhíolótacha ina raibh baint níos mó ag an bhfoireann leis an bpróiseas, i gcrích i rith na bliana. Foilsíodh roinnt cás-staidéir i leith pleanála seirbhíse.

Cur Chuige Comhpháirtíochta chun Athrú a Bhainistiú

D'fhoilsigh FNCSS "Tools for Change Through Partnership" agus d'eagraigh siad sraith cheardlanna réigiúnacha i rith na bliana 2004 chun bolscaireacht a dhéanamh ar na próisis nua a bhí ar an bhfód chun láimhseáil rathúil a dhéanamh ar chúrsaí athraithe. Cuireadh cúrsaí

traenála agus bearta forbartha eagraíochta ar fáil i rith na bliana, modhanna Joint Problem Solving (JPS) agus Interest Based Bargaining (IBB) a thug faoi dhul i ngleic le ceisteanna tábhachtacha, agus bhíothas an sásta leo. (Féach ar an liosta gníomhaíochtaí tionscadail in Aguisín 2)

AG COINNEÁIL AN DUL CHUN CINN – FÍORÚ FEIDHMÍOCHTA

Cé go bhfuil an leasú is mó riamh faoi lán tseoil sna seirbhísí sláinte agus cé go bhfuil dúshlán mhóra anois le sárú sa timpeallacht chaidrimh tionsclaíoch atá ann anois, is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon chuntas ag An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) ar aon aighneas tionsclaíoch sna seirbhísí sláinte i 2004.

Foilsíodh athbhreithniú lár-téarmach ar an gcomhaontas náisiúnta *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn*, i Meitheamh 2004, agus dhearbhaigh sé seo go raibh na páirtithe ar fad ar aon fhocal go bhuil sé rithábhachtach, ag an am seo ina bhuil na seirbhísí sláinte á gcur in oiriúint don saol nua, d'fhonn seasmhacht a bhronnadh ar an gcaidreamh toinsclaíoch "go raibh na geallshealbhóirí ar fad dírithe go huile is go hiomlán ar an gcomhoibriú mar chultúr, ar oibriú as láimh a chéile agus ar an gcomhpháirtíocht mar áis chun an caidreamh tionsclaíoch a láimhseáil i gceart".

Glacann sé leis go sainiúil, "go mbeidh gá le hathruithe ollmhóra ar an dá thaobh agus go mbeidh na geallshealbhóirí ar fad ar aon fhocal faoin tábhacht a bhainfidh le comhoibriú, le hoibriú as láimh a chéile agus leis an gcomhpháirtíocht mar áis bainistíochta do thimpeallacht an chaidrimh tionsclaíoch sa rannóg sláinte" (Alt 23.2).

Deir *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn* chomh maith go gcabhróidh ról lárnach na comhpháirtíochta sa seirbhís sláinte léi chun feidhmiú i mbarr a cumais ag treorú agus ag láimhseáil próiseas an athraithe i dtreo an nua shaoil.

Gné thábhachtach de *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn* ná Fíorú Feidhmíochta agus tá an FNCSS tar éis ról lárnach a ghlacadh in éascú agus comhordú a dhéanamh maidir le cuairteanna ar an suíomh agus tuarascálacha gníomhaireachta, Tuarascáil na hEarnála Fíoraithe Sláinte d'Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte agus Leanaí.

Thug an Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta (PVG) faoi deara gur éirigh níos fearr leis na cuairteanna ar na láithreáin sna háiteanna sin ina raibh coistí áitiúla comhpháirtíochta ag obair le chéile ag ullmhú do na cuairteanna sin ón PVG.

I 2004, chuir an FNCSS dhá bhabhta de thuariscíú ón PVG i gcrích, ceann amháin i Meitheamh agus ceann eile i Meán Fómhair agus rinneadh na híocaíochtaí de réir amchláir a raibh glactha leis roimh ré.

AN PRÓISEAS COMHPHÁIRTÍOCHTA A THOMHAS AGUS A MHEAS

Rinneadh dul chun cinn suntasach i 2004 chuig aitheantas níos mó a fhorbairt don tairbhe atá le baint as ár bpróiseas agus ár ngníomhaíochtaí comhpháirtíochta a thomhas. Ag cur leis an bplean chun na heilimintí go léir den phróiseas tomhais a chur ar shruthlíne agus a shioncrónú agus chun an bunachar sonraí a chur ar an ngréasán, tá bunachar sonraí nach bhfuil ar-líne i bhfeidhm ó Lúnasa 2004. Folaíonn an bunachar sonraí seo sonraí d'obair tionscadail chomhpháirtíochta reatha agus pleananna seirbhíse thar tríocha gníomhaireacht ar a fhreastlaíonn FNCSS.

Chomh maith leis sin, thosaíomar tionscadal chun éifeacht na comhpháirtíochta sa láthair oibre a mheas i Seirbhísí Sláinte na hÉireann (Tionscadal um Chomhpháirtíocht sa Láthair Oibre a Mheas). Déanfaidh an tionscadal seo tomhas píolótach, ag úsáid réimse critéir, le hús fhógartha na ngeallsealbhóirí san áireamh, thar seacht suímh in Éirinn agus tagarmharcáil a dhéanamh orthu le gníomhaireachtaí

comhchosúla i dTuaisceart Éireann agus Meiriceá Thuaidh.

I rith na bliana, rinneadh éifeachtacht an chur chuige comhpháirtíochta i leith déileáil le hathruithe in eagraíochtaí a léiriú níos mó trí fhianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta foilsithe ag an National Centre for Partnership and Performance (NCP) ag taispeáint na gnóthachain táirgiúlachta agus buntáistí intomhaiste eile de chórais chomhpháirtíochta.

COMHPHÁIRTÍOCHT THUaidh/ THEAS

Bhuail an Comhpháirtíocht Thuaidh/Theas, ag feidhmiú ar son fostóirí, ceardchumainn agus ranna seirbhíse sláinte thuaidh agus theas, ina ceathrú bliain gníomhaíochta, ar seacht n-ócáidí i 2004. Rinneadh ballraíocht den ghrúpa stiúrtha a leathnú chun suimeanna cheardchumainn agus fhostóirí breise a chur san áireamh. Eagraíodh trí chomhdhála tras-teorainn i rith na bliana:

- Ethnic Catering for Patients and Staff in Hospitals
- Reducing Health Inequalities
- Access to Employment in the Health Service for People with Disability

Tá treoirínte agus moltaí maidir leis na trí réimse seo á ullmhú d'fhoilseachán i 2005.

Tá an FNCSS mar chomhchathaoirleach ar an gComhpháirtíocht Thuaidh/Theas agus bhí sé bainteach go gníomhach in eagrú, dearadh agus éascú na n-imeachtaí seo.

Cheadaigh an Chomhpháirtíocht Thuaidh/Theas suirbhé ar an bhfoireann oibre sna seirbhísí sláinte sa tuaisceart agus sa deisceart. Táthar ag tabhairt faoin taighde seo tríd an Michael Smurfit Graduate School of Business, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus tá sé le bheith foilsithe i 2005.

IMEACHTAÍ COMHPHÁIRTÍOCHTA THUAIDH/THEAS AGUS NÁISIÚNTA

Bhíomar bainteach i rith na bliana i ndearadh agus éascú deich n-imeachtaí náisiúnta nó tras-teorainn:

- Comhdháil Performance Management – i dhá láthair
- Ceardlanna ERHA ar Athrú
- Thuaidh/Theas – Catering Conference
- Thuaidh/Theas – Creating Health Alliances Conference
- Thuaidh/Theas – Access to Employment for People with Disability Conference
- National Consultative Conference on the Health Services Reform Programme
- Comhdháil Leasaithe Sláinte ag leibhéal gníomhaireachta
- Comhdháil Future Search – Leasú FNCSS
- Comhdháil Future Search – National Suicide Strategy
- Excellence Through Partnership – comhdháil agus taispeántas náisiúnta

EACHTRAÍ MÓRA I 2004

Thug an FNCSS faoi dhá imeacht mór i 2004, deartha chun an gcóras geallsealbhóirí comhpháirtíochta iomlán a ghabhadh thar na seirbhísí sláinte.

COMHPHÁIRTÍOCHT SA LÁTHAIR OIBRE – COMHDHÁIL FUTURE SEARCH

Bhain an chéad imeacht mór le Comhdháil Future Search dhá lá, a tharla i nDeireadh Fómhair 2004. Cuireadh an imeacht ar siúl chun teacht ar fhoras comónta i measc geallsealbhóirí faoin treo gur chóir do chomhpháirtíocht sa láthair oibre a thógáil sa todhchaí, mar is léir ón chlár leasaithe na seirbhísí sláinte agus chun struchtúir chomhpháirtíochta chuí a mheas chun freastal ar an gcóras nua. Ba í an cheist a bhí ar intinn ag Future Search a phlé ná:

“Conas gur féidir le comhpháirtíocht sa láthair oibre feidhmiú sa tslí is fearr sa chóras sláinte nua?”

Ghlac na nócha dó rannpháirtí, baill den Fóram, Comhchathaoirligh an Choiste Comhpháirtíochta, foireann an FSSe, ceardchumainn agus foireann an FNCSS, páirt i gcúig phríomh thasc den chomhdháil dhá-lá. Foilsíodh an toradh, ina raibh 20 moladh faoin todhchaí do fhorbairt chomhpháirtíochta, i dtuarascáil chomhdhála do na rannpháirtithe go léir agus formhuinigh an Fóram na torthaí ag cruinniú speisialta ar 20ú Deireadh Fómhair 2004.



EXCELLENCE THROUGH WORKPLACE PARTNERSHIP

Tharla an dara imeacht mór i Nollaig 2004 nuair a d'eagraigh FNCSS Taispeántas agus Comhdháil náisiúnta "Excellence Through Workplace Partnership" chun cúig bliana de chomhpháirtíocht fhoirmiúil a mharcáil agus chun an táirge agus an próiseas comhpháirtíochta dea-chleachtais a thaispeáint.



D'oscail an Tánaiste agus an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney T.D. an ócáid go foirmiúil. D'fhreastal timpeall trí chéad is a chaoga duine as caoga dó gníomhaireacht sláinte ar an dtaispeántas agus ar an gcomhdháil.

Beidh tuarascáil sonrach agus taifeadadh DVD den Ócáid foilsithe ag an FNCSS i 2005.

Féach ar www.fncss.ie chun a thuilleadh eolais a fháil.



Go Deiseal: Larry Walsh, Stiúrthóir, FNCSS; An Tánaiste agus an tAire Sláinte agus Leanaí Mary Harney, TD; Matt Merrigan, Comhchathaoirleach FNCSS agus an Rúnaí Náisiúnta Tionsclaíoch, SIPTU; Kevin Kelly, Cathaoirleach Feidhmiúcháin, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Eatramhach; Pat Harvey, Comhchathaoirleach FNCSS agus POF Bhord Sláinte an Iarthuaiscirt

COISTÍ COMHPHÁIRTÍOCHTA 2004

Bunaíodh seacht Coistí Comhpháirtíochta nua ag leibhéal gníomhaireachta sláinte i rith 2004, ag tabhairt líon iomlán na gcoistí comhpháirtíochta faoi sheirbhís an FNCSS go díreach chuig tríocha.

Sa bhreis ar an tríocha coiste stiúrtha seo, oibríonn roinnt mhaith coistí comhpháirtíochta áitiúla agus grúpaí oibre comhpháirtíochta áitiúla agus tuairiscíonn siad chuig na coistí stiúrtha thar na seirbhísí sláinte.

1. Ospidéal Adelaide agus na Mí le Ospidéal Náisiúnta na Leanaí san áireamh (Tamhlacht)
2. An Bord Altranais
3. Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath
4. Seirbhísí Bhráithre na Carthanacha, Gaillimh
5. Ospidéal Ollscoile Chorcaí
6. Bord Sláinte Limistéar Chósta an Oirthir
7. Seirbhísí Roinnte Sláinte an Oirthir
8. Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir
9. Seirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann
10. Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar
11. Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae
12. Bord Sláinte na Lár Tíre
13. Bord Sláinte an Mheán-Iarthair
14. Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles, Baile Átha Cliath
15. Ospidéal Náisiúnta Athshlánaithe
16. Bord Sláinte Limistéar an Tuaiscirt
17. Bord Sláinte an Oirthuaiscirt
18. Bord Sláinte an Iarthuaiscirt
19. Ospidéal Mhuire do Leanaí Easlána, Cromghlinn
20. Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Sluaighe
21. Ospidéal Naomh Shéamais, Baile Átha Cliath
22. Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath
23. Bord Sláinte an Oirthuaiscirt
24. Bord Sláinte an Deiscirt
25. Ospidéal Stíobhar, Baile Átha Cliath
26. Bord Sláinte Limistéar an Oirdheiscirt
27. An tOspidéal Leanaí, Sráid an Teampaill
28. Cumann Chontae na Gaillimhe
29. Cumann Cúraim an Oirthir
30. Bord Sláinte an Iarthair

Do shonraí ar Chomhchathaoirligh agus Ballraíocht na gCoistí Chomhpháirtíochta, féach ar Aguisín 1 nó www.fncss.ie

GNÍOMHAÍOCHT CHOMHPHÁIRTÍOCHTA AN LÁTHAIR OIBRE I 2004

I 2004, leathnaigh an FNCSS raon agus scóip a chuid gníomhaíochta.

Leathnaíodh an tseirbhís éascaithe go seacht ngníomhaireacht bhreise.

Tá raon na dtionscadal bunaithe ar chomhpháirtíocht agus líon na ndaoine go bhfuil baint díreach acu le foirne tionscadail chomhpháirtíochta dúbailte go héifeachtach ó 2003, le seacht gcéad agus a nócha dó tionscadal le hocht míle seacht gcéad agus a seachtó trí ball d'fhoirne tionscadail i 2004.

COISTÍ CHOMHPHÁIRTÍOCHTA AGUS GRÚPAÍ OIBRE ÁITIÚLA

Tá sonraí ballraíochta de na tríocha coiste chomhpháirtíochta san áireamh in Aguisín 1. Bíonn coistí chomhpháirtíochta áitiúla i bhfeidhm ag an gcuid is mó de na gníomhaireachtaí móra chomh maith.

Chun comhpháirtíocht a thacú agus a thógáil sa tseirbhís sláinte, bhí béim á chur ag an FNCSS ar choistí chomhpháirtíochta a thraenáil agus ar an nós de chomhpháirtíocht a chur in iúl i dtosach. Thug an FNCSS tacaíocht do ghníomhaíochtaí bunaithe ar thionscadal chomh maith ina raibh bainisteoirí, ceardchumann agus baill foirne ag obair le chéile chun cheisteanna faoin láthair oibre agus faoi sheachadadh seirbhíse a réiteach.

Le déanaí tá an FNCSS dírithe ar chomhpháirtíocht a láthú. Ciallaíonn obair i gcomhpháirtíocht obair le chéile agus go cuimsitheach chun saincheisteanna an duine eile a aithint agus chun iarracht a dhéanamh ar iad a réiteach i slí chruthaitheach a thugann fiúntais do gach duine i gceist. Tá cur chuige chomhpháirtíochta

á úsáid ag a lán gníomhaireachtaí sa tseirbhís sláinte le comhairliú cuimsitheach agus páirteachas san áireamh chun saincheisteanna lárnacha a phlé ar nós seirbhís pleanála, an chomhfhorbairt de pholasaithe acmhainne daonna, polasaithe do leasa teaghlaigh, uaireanta seirbhíse níos faide srl.

TIONSCADAIL AGUS PRÓISIS CHOMHPHÁIRTÍOCHTA AN LÁTHAIR OIBRE

Trí ghníomhaíocht chomhpháirtíochta a thosú ó bhonn tionscadail praiticiúil cuireadh deis ar fáil do daoine chun aithne a chur ar a chéile, chun muinín a thógáil, chun scileanna bainistíochta tionscadail a úsáid agus chun spriocanna inlámhsithe a fháil i bhfráma ama cuibheasach gearr. I 2004 síníodh raon agus réimse na dtionscadal a tugadh faoi, ag leanúint leis an ngluaiseacht ó chomhpháirtíocht faoi threoir thionscadal go chomhpháirtíocht dara-glúine, ag comhtháthú pleananna seirbhíse chomhpháirtíochta le plean seirbhíse gach gníomhaireacht.


Tá sé suimiúil a thabhairt faoi deara, ag déanamh comparáid idir an leibhéal gníomhaíochta i dtionscadail chomhpháirtíochta an láthair oibre i 2004 agus an leibhéal do 2003:

- Gur mhéadaigh an leibhéal gníomhaíochta taifeadta faoi dhó
- Go raibh an t-aistriú béime i dtreo tionscadail a dhéileálann le; Forbairt Straitéiseach, Othar/Cliant/Foireann, Traenáil agus Forbairt agus Slite Nua Oibre.


Is féidir liosta sonracha de na tionscadail seo thar seacht catagóirí a fheiceáil ag Aguisín 2.

Achoimre de Thionscadail Chomhpháirtíochta thar na Gníomhaireachtaí Sláinte uile – 2004		
Cineál Leathan Tionscadail	Líon na dTionscadal	Líon na ndaoine bainteach go díreach
Seirbhísí othair/cliain feabhsaithe	82	579
Seirbhísí othair/cliain feabhsaithe agus caighdeán beatha feabhsaithe don fhoireann	106	1031
Feabhas ar chaighdeán an tsaol oibre	117	1054
Forbairt agus Pleanáil Straitéiseach	191	1937
Slite Nua Oibre	90	1436
Traenáil, Forbairt agus Oideachas	115	2066
